**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016**

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR**

**FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**1. PICTIÚIR**
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir, **A1, A2, B agus C**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚIR A1 agus A2**

*Taispeánann Pictiúir A1 agus A2 tuamaí ó Éirinn anallód.*

(i) Cad a insíonn an tuama i bpictiúr A1 dúinn faoi na daoine in Éirinn anallód?

…………………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Taispeánann pictiúr A2 Slí an Bhrú, Contae na Mí. Bhí na daoine a thóg é thar a bheith oilte. Tabhair píosa **amháin** eolais a thacaíonn leis an ráiteas sin.

…………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………… (4)

(iii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn anallód agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*Cill Santail* ☐ *Draoi*☐ *Fulacht Fia* ☐

..........................................................................................................................................

…………………………….............…………………………………………………….

………………………………………………………………………….......................... (4)

*(b)* **PICTIÚR B**

*Taispeánann Pictiúr B mainistir in Éirinn.*

(i) Conas a úsáideadh an cloigtheach (marcáilte le X)?

……………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………… (4)

(ii) Cén fáth a bhfuil pictiúir ar an gcros ard (marcáilte le Y)?

.......………………………………………………………………………………………

..........…………………………………………………………………………………… (4)

(iii) Ainmnigh naomh **amháin** ó thús Ré na Críostaíochta in Éirinn agus suíomh a raibh baint aige/aici leis.

Naomh:……………………………………………………………………………………

Suíomh:………………………………………………………………………………….. (4)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Taispeánann pictiúr C, leis an ealaíontóir Theodor de Bry, Christopher Columbus ag teacht i dtír i Meiriceá.*

(i) Conas atá a fhios againn go raibh cuid de na daoine áitiúla, marcáilte le Z, ag iarraidh bualadh le Columbus?

……………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………. (2)

(ii) Conas atá a fhios againn go raibh eagla ar dhaoine áitiúla eile, marcáilte le Z freisin, roimh Columbus?

……………………………………………………………………………………………….

………….…………………………………………………………………………….... (3)

(iii) Cén fáth, dar leat, a bhfuil cros á cur in airde ag na fir ar an taobh clé den phictiúr?

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………….

………….…………………………………………………………………………….... (4)

(iv) Tabhair cúis **amháin** ar féidir le heolas i ndoiciméid staire a bheith mícheart.

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………….

………….…………………………………………………………………………… (4)

**[Thall**

**2. DOICIMÉID**
(35 marc)

Déan staidéar ar na doiciméid - **1 agus 2 -** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1**

*Scéal faoi eachtra a tharla i bPort Láirge le linn éirí amach 1798.*

(i) Cén t-ainm a bhí ar an mbeairic?

............................................................................................................................. (2)

(ii) Cé aige a raibh smacht ar an mbeairic?

............................................................................................................................. (2)

(iii) Cad a bhí á bhailiú ag na feirmeoirí?

............................................................................................................................. (2)

(iv) Mínigh conas a d'éalaigh an príosúnach.

.............................................................................................................................

............................................................................................................................. (3)

(v) Conas a d'análaigh an príosúnach?

.............................................................................................................................

............................................................................................................................. (3)

(vi) Ainmnigh ceannaire réabhlóideach amháin ó Thréimhse na Réabhlóidí (1770-1815) i Meiriceá **nó** sa Fhrainc **nó** in Éirinn **agus** an tír a raibh baint aige/aici léi.

Ceannaire:..............................................................................................

Tír:........................................................................................................ (4)

*(b)* **Doiciméad 2**

*Cuntas ar an saol i mBré sna 1940idí. Is é Éamon de Buitléar a scríobh an cuntas.*

(i) Cén fáth a raibh sé éasca ar dhaoine as Baile Átha Cliath cuairt a thabhairt ar Bhré?

............................................................................................................................ (2)

(ii) Cár fhan capaill agus cairteacha leis na cuairteoirí?

............................................................................................................................ (2)

(iii) Cár thug na capaill agus na cairteacha na cuairteoirí de ghnáth?

............................................................................................................................ (2)

(iv) Cén uirlis cheoil a bhí á seinm ag an bhfear?

............................................................................................................................ (2)

(v) Tabhair **dhá** phíosa eolais eile faoin gceoltóir.

................................................................................................................................

............................................................................................................................(3)

(vi) Cén fáth a gceapann tú go raibh cuimhne chomh soiléir sin ag Éamon ar an lá áirithe sin?

..............................................................................................................................

............................................................................................................................ (4)

(vii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an stair agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*Foinse thánaisteach* ☐ *Déantán* ☐ *Músaem* ☐

................................................................................................................................

................................................................................................................................

............................................................................................................................ (4)

**[Thall**

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc gach ceist.

(i) Mínigh an téarma foinse phríomha agus tabhair sampla.

……………………………………………………………………………………………..….

……………………………………………………………………………………………. (6)

(ii) Ainmnigh bealach **amháin** a bhféadfadh seandálaí teacht ar chinneadh faoin áit a ndéanfadh sé/sí tochailt.

……………………………………………………………………………………………. (6)

(iii) Cén fáth nach mór do sheandálaithe a bheith cúramach leis na nithe a fhaightear ar thochailt?

…………………………………………………………………………………………….(6)

(iv) Cad ba chiall le *teach screaptra* i mainistir i dtús Ré na Críostaíochta in Éirinn?

………………………………………………………………………………………….... (6)

(v) Tabhair cúis **amháin** a raibh an saol crua i mainistir i dtús Ré na Críostaíochta in Éirinn.

……………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………….... (6)

(vi) Mínigh an chúis a raibh sé deacair caisleán meánaoiseach a ghabháil.

……………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………….... (6)

(vii) Tabhair cúis **amháin** ar thosaigh an Athbheochan san Iodáil.

……………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………….... (6)

(viii) Ainmnigh scríbhneoir de chuid na hAthbheochana agus saothar **amháin** leis/léi.

Scríbhneoir: …………………………………………………………………………………

Saothar: ……………………………………………………………..……………….. (6)

(ix) Mínigh athrú **amháin** a tharla san ealaín **nó** san eolaíocht le linn na hAthbheochana.

……………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………….... (6)

(x) Tabhair cúis **amháin** a raibh taisteal farraige níos sábháilte in 1500 ná mar a bhí sa bhliain 1300 nó mar sin.

……………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………….... (6)

(xi) Tabhair cúis **amháin** a raibh sé éasca go maith ar Eorpaigh dúchasaigh Mheiriceá a chloí thart ar an mbliain 1500.

……………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………… (6)

(xii) Ainmnigh imeacht mór **amháin** a tharla i Meiriceá **nó** sa Fhrainc **nó** in Éirinn le linn Thréimhse na Réabhlóidí 1770-1815.

Tír: ………………………………………………………………………………………………..

Imeacht: ...……………………………………………………………………………………..… (6)

(xiii) Tabhair cúis **amháin** ar éirigh leis an réabhlóid nó ar theip uirthi i Meiriceá **nó** sa Fhrainc **nó** in Éirinn le linn na tréimhse 1770-1815.

Tír: ……………………....................... Ar éirigh leis an réabhlóid?…………………………….

Cúis: ...……………………………………………………………………………………............

........................................................................................................................................... (6)

(xiv) Luaigh bealach **amháin** inar athraigh an Réabhlóid Talmhaíochta an Bhreatain.

……………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………… (6)

(xv) Tabhair cúis **amháin** ar thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain.

……………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………… (6)

(xvi) Luaigh forbairt **nó** aireagán tábhachtach **amháin** ón Réabhlóid Talmhaíochta **nó** ón Réabhlóid Thionsclaíoch **agus** an duine a bhí freagrach as.

Forbairt/Aireagán:……………………………………………………………………………………

Duine: ...………………………………………………………………………………………… (6)

(xvii) Tabhair **dhá** chúis a raibh an saol míthaitneamhach i gcathracha na Breataine thart ar an mbliain 1850.

……………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………… (6)

(xviii) Ainmnigh banpholaiteoir tábhachtach Éireannach **amháin** ón fichiú haois **NÓ** tabhair athrú mór **amháin** a tháinig ar shaol na mban in Éirinn na fichiú haoise.

……………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………… (6)

(xix) Ainmnigh ceannaire polaitiúil tábhachtach **amháin**, taobh amuigh d'Éirinn, ón tréimhse 1922-1989 **agus** an tír a raibh sé/sí i gceannas uirthi.

Ceannaire: ……………………………………………… Tír: …………………………….. (6)

(xx) Ainmnigh imeacht mór polaitiúil **amháin**, lasmuigh d'Éirinn, le linn na tréimhse 1945-1989.

……………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………… (6)

**4. PEARSANA SA STAIR**
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine a chónaigh i sibhialtacht ársa a ainmníonn tú taobh amuigh d'Éirinn.**

LEIDEANNA:
* Tithíocht
* Creideamh
* Caitheamh aimsire
* Nósanna adhlactha

(25)

(ii) **Duine a chónaigh i mbaile mór le linn na Meánaoiseanna.**

LEIDEANNA:
* Obair
* Creideamh
* Caitheamh aimsire
* Contúirtí

(25)

(iii) **Leasaitheoir creidimh a ainmníonn tú le linn an Reifirméisin.**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Cathair/Tír lena mbaineann sé/sí
* Tuairimí
* Tionchair

(25)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine a fuair talamh in Éirinn le linn na bplandálacha.**

LEIDEANNA:
* Cúiseanna leis an bplandáil
* Do thuairim faoi na hÉireannaigh
* An rialtóir a chuir i bhfeidhm í
* Athruithe i saol na hÉireann de bharr plandála

(25)

(ii) **Duine a chónaigh in Éirinn le linn an Ghorta Mhóir (1845-1851).**

LEIDEANA:
* Fadhbanna a bhí roimh dhaoine
* Iarrachtaí leas a bhaint as
* Iarrachtaí cúnamh a thabhairt
* Tionchair ar Éirinn

(25)

(iii) **Duine a ainmníonn tú a bhí páirteach sa choimhlint ar son Shaoirse na hÉireann (1916-1923).**

LEIDEANNA:
* Ceannairí
* Modhanna a úsáideadh
* Príomhimeachtaí
* Fadhbanna a bhí le réiteach

**NÓ**

**Seanduine ag caint faoi athruithe a tharla faoin tuath in Éirinn ó 1950 nó mar sin.**

LEIDEANNA:
* Athruithe ar shiamsaíocht
* Athruithe ar obair agus ar fheirmeoireacht
* Athruithe ar thithíocht
* Athruithe ar chumarsáid

(25)

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(**Ná** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

## FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A1**



Foinse: en.wikipedia.org

[Thall

**PICTIÚR A2**



Foinse : en.wikipedia.org

**PICTIÚR B**




Foinse: irelandyha.wordpress.com

**PICTIÚR C**




Foinse: www.nlm.nih.gov/nativevoices

**2. DOICIMÉID**

**DOICIMÉAD 1**

**Éalú príosúnaigh**

Is scéal fíor é seo. Tharla sé sa bhliain 1798 nuair a bhí Beairic na Ginéive i seilbh shaighdiúirí na Breataine. Bhí cuid de na feirmeoirí sa chomharsanacht ag tarraingt aoiligh ó pháirc laistigh den imfhálú inar choinnigh na saighdiúirí a gcuid príosúnach. Lá amháin nuair a bhí duine de na príosúnaigh ag siúl timpeall an fhearainn tháinig sé ar dhuine de na fir a bhí ag tabhairt an aoiligh chun bealaigh agus thosaigh siad ag caint. D'fhiafraigh an príosúnach den fhear oibre an bhféadfadh sé cabhrú leis éalú. Phleanáil siad é sa chaoi go ngearrfadh an fear oibre poll in íochtar na cairte. D'imigh an fear oibre leis agus an lá ina dhiaidh sin bhuail sé leis an bpríosúnach arís. Chuaigh an príosúnach isteach sa chairt agus luigh sé ar a bhéal faoi sa chaoi go bhféadfadh a aghaidh dul síos tríd an bpoll agus go mbeadh sé ábalta análú. Ansin líon an fear oibre an t-ualach aoiligh agus d'imigh sé leis. Nuair a shroich sé ceann scríbe d'fholmhaigh sé an t-aoileach agus d'éalaigh an fear.

Foinse: http://www.duchas.ie/en/cbes/4428155/4382274/4451162

**DOICIMÉAD 2**

**Bré ina bhaile saoire cois trá sna 1940idí**

Bhí an-tóir ar Bhré mar bhaile saoire cois trá sna 1940idí. Bhí sé gar do Bhaile Átha Cliath agus bhí líne iarnróid ag dul díreach isteach sa chathair uaidh. Mar gheall air sin bhí teaghlaigh ábalta teacht agus an lá a chaitheamh cois trá. Ar laethanta breátha i rith an tsamhraidh bhíodh an trá plódaithe le cuairteoirí agus bhíodh scuaine de chapaill agus de chairteacha lasmuigh den stáisiún traenach ag fanacht leo siúd nach raibh ag iarraidh an t-achar gearr go dtí an trá a shiúl.

Le linn dúinn a bheith ag siúl ar an bpromanáid agus ag dul i dtreo Cheann Bhré stopamar nuair a chualamar ceol agus chonaiceamar seanfhear ina shuí ar shuíochán adhmaid agus é ag seinm fidle. Ba é sin an chéad uair a bhuail mé le fear dall. Chomh maith leis sin, ba é sin an chéad uair dom aon duine a fheiceáil ag seinm fidle. Chomh luath agus a chríochnaigh an port chuir m'athair roinnt airgid i mbosca stáin an cheoltóra. Labhair sé i nGaeilge leis an seanfhidléir agus mhothaigh mé go gcaithfidh sé gur bhuail siad le chéile uair éigin roimhe sin. Ar an mbealach abhaile fuair mé amach gurbh as Contae Chorcaí an fear agus go ndearna sé an turas go Bré gach samhradh chun ceol a sheinm in aice na farraige.

Foinse: Éamon de Buitléar, "A Life in the Wild" (Baile Átha Cliath, 2004), lgh.22-3